CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1562 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Iúil 2023

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 lena mbunaítear an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir 2009/16/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le hAirteagal 6(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ar úinéirí long a áirithiú nach ndéanfar longa atá le hathchúrsáil a athchúrsáil ach amháin i saoráidí athchúrsála long atá ar an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long ('an Liosta Eorpach') a foilsíodh de bhun Airteagal 16(2) den Rialachán sin.

(2) Leagtar an Liosta Eorpach amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Chuaigh údarú San Giorgio del Porto S.p.A., saoráid athchúrsála long atá lonnaithe san Iodáil, in éag an 6 Meitheamh 2023. Chuaigh údarú Modern American Recycling Services Europe (M.A.R.S. Europe) agus Fayard A/S, saoráidí athchúrsála long atá lonnaithe sa Danmhairg, in éag an 23 Lúnasa 2023 agus an 7 Samhain 2023, faoi seach. Tá faisnéis faighte ag an gCoimisiún ón Iodáil agus ón Danmhairg, i dtaca leis na húdaruithe a tugadh do na saoráidí sin chun athchúrsáil long a dhéanamh, go ndearnadh na húdaruithe sin a athnuachan roimh dhul in éag dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013. Ina theannta sin, chuir an Danmhairg an Coimisiún ar an eolas faoi athruithe a bhaineann le huastoisí na long a nglacann M.A.R.S. Europe leo agus a uas-aschur bliantúil athchúrsála long agus a bhaineann le uas-aschur bliantúil athchúrsála long Fayard A/S. Ba cheart, dá bhrí sin, an Liosta Eorpach a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(4) Tá trí iarratas faighte ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013, le haghaidh Anadolu Gemi Sökü̈m Orman Ürn. Gida Tur. Nak, San. Ve Tic. A.Ş., BMS Gemi Geri Dönüşüm San Ve Tic. A.Ş. agus Kiliçlar Geri Dönüşümlü Maddeler Ve Metal San.Tic A.Ş., ar saoráidí athchúrsála long iad atá lonnaithe sa Tuirc, atá le cur ar an Liosta Eorpach. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise thacaíochta a soláthraíodh nó a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán sin, measann sé go gcomhlíonann na saoráidí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13 den Rialachán sin maidir le hathchúrsáil long a dhéanamh agus maidir le bheith curtha ar an Liosta Eorpach. Ba cheart, dá bhrí sin, an Liosta Eorpach a thabhairt cothrom le dáta chun na saoráidí sin a chur air.

(5) Cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi athruithe ar shonraí teagmhála Dales Marine Services Ltd, saoráid athchúrsála long atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, an Liosta Eorpach a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013,

([1]) IO L 330, 10.12.2013, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2016 lena mbunaítear an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchúrsáil long (IO L 345, 20.12.2016, lch. 119).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

An Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013

CUID A

Saoráidí athchúrsála long atá lonnaithe i mBallstát

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
AN BHEILG						
NV Galloo Recycling Ghent Scheepszatestraat 9 9000 Gent An Bheilg Teil.: +32(0)9/251 25 21 R-phost: peter.wyntin@galloo.com	Le taobh (beart fliuch), fána	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 265 mhéadar Leithead: 37 méadar Doimhneacht snámha: 12.5 méadar		Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 30 lá	34 000 ([4])	31 Márta 2025

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
AN BHULGÁIR						
Ship and Industrial Service Ltd Sleamhnán 3 Ceantar Asparuhovo 9000 Varna An Bhulgáir Teil.: + 359 888 334114 R-phost: d_kondov@yahoo.co.uk	Duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 140 méadar Leithead: 16 mhéadar Doimhneacht snámha: 6 mhéadar Toillíocht de cheal tonnáiste: 1 800 tonna	Leagtar síos na teorainneacha agus na coinníollacha sa chead bainistithe dramhaíola (Cinneadh Uimh. 03-DO-655-00/25.01.2019)	Formheas sainráite, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 30 lá. Is é Stiúrthóir na Cigireachta Réigiúnaí Comhshaoil agus Uisce ina bhfuil an tsaoráid athchúrsála long lonnaithe an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa	12 500 ([5])	25 Eanáir 2024
AN DANMHAIRG						
FAYARD A/S Kystvejen 100 DK-5330 Munkebo An Danmhairg www.fayard.dk Teil.: +45 7592 0000 R-phost: fayard@fayard.dk	Duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 415 mhéadar Leithead: 90 méadar Doimhneacht snámha: 7.8 méadar	Rialaítear an tsaoráid athchúrsála long i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus leis na coinníollacha a leagtar amach i gCead Comhshaoil an 7 Samhain 2018 a d'eisigh Bardas Kerteminde. Áirítear sa Chead Comhshaoil coinníollacha maidir le huaireanta oibriúcháin, coinníollacha speisialta oibriúcháin, coinníollacha maidir le láimhseáil agus stóráil dramhaíola agus áirítear ann freisin coinníoll go gcaithfear an ghníomhaíocht a dhéanamh i nduga tirim.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá.	916,34 ([6])	22 Bealtaine 2028

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
Fornæs ApS Rolshøjvej 12-16 8500 Grenaa An Danmhairg www.fornaes.com Teil.: +45 86326393 R-phost: recycling@fornaes.dk	Le taobh, duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 150 méadar Leithead: 25 mhéadar Doimhneacht snámha: 7 méadar Olltonnáiste: 10 000	Tá sé de cheart ag bardas Nordjurs dramhaíl ghuaiseach a leithdháileadh ar shaoráidí glactha arna bhformheas maidir le neamhdhíobháil don chomhshaol.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá.	30 000 ([7])	12 Bealtaine 2026
Jatob ApS Langerak 12 9900 Frederikshavn An Danmhairg www.jatob.dk Teil.: +45 8668 1689 R-phost: post@jatob.dk mathias@jatob.dk	Le taobh, sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 150 méadar Leithead: 30 méadar Doimhneacht snámha: 6 mhéadar	Tugtar láimhseáil agus stóráil na gcodán dramhaíola trí bhíthin Údarú Comhshaoil. Féadtar an láithreán a úsáid chun dramhaíl ghuaiseach a stóráil ar bhonn idirmheánach ar feadh tréimhse chomh fada le bliain amháin.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá.	13 000 ([8])	9 Márta 2025

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas (1)	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin (2)	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag (3)
Modern American Recycling Services Europe (M.A.R.S) Sandholm 60 9900 Frederikshavn An Danmhairg www.modernamericanrecyclingservices.com/ Teil.: +45 30307763 R-phost: kim@mars-eu.dk	Sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 400 méadar Leithead: 90 méadar Doimhneacht snámha: 14 mhéadar	Sainmhínítear na coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long i gCead Comhshaoil an 9 Márta 2018 agus san Aguisín a ghabhann le Cead Comhshaoil an 12 Iúil 2022 a d'eisigh Bardas Frederikshavn. Tá sé de cheart ag Bardas Frederikshavn dramhaíl ghuaiseach a leithdháileadh ar shaoráidí glactha arna bhformheas maidir le neamhdhíobháil don chomhshaol. Ní mór nach ndéanfaidh an tsaoráid dramhaíl ghuaiseach a stóráil ar feadh tréimhse is faide ná bliain amháin.	Formheas intuigthe, lena ngabhann tréimhse athbhreithnithe 14 lá.	60 000 (9)	27 Eanáir 2028

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
Smedegaarden A/S Vikingkaj 5 6700 Esbjerg An Danmhairg www.smedegaarden.net Teil.: +45 75128888 R-phost: m@smedegaarden.net	Le taobh, sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 200 méadar* Leithead: 48 méadar Doimhneacht snámha: 7.5 méadar (*Má tá an fad > 170 méadar, ní mór formheas a fháil ó Bhardas Esbjerg)	Sainmhínítear na coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long i gCead Comhshaoil an 4 Meitheamh 2015 a d'eisigh ag Bardas Esbjerg. Tá sé de cheart ag Bardas Esbjerg dramhaíl ghuaiseach a leithdháileadh ar shaoráidí glactha arna bhformheas maidir le neamhdhíobháil don chomhshaol.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá	20 000 ([10])	11 Márta 2026
Stena Recycling A/S Grusvej 6 6700 Esbjerg An Danmhairg www.stenarecycling.dk Teil.: +45 20699190 R-phost: jakob.kristensen@stenarecycling.com	Duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013. Uastoisí na long: Fad: 40 méadar Leithead: 40 méadar Doimhneacht snámha: 10 méadar	Sainmhínítear na coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long i gCead Comhshaoil an 5 Deireadh Fómhair 2017 a d'eisigh ag Bardas Esbjerg. Tá sé de cheart ag Bardas Esbjerg dramhaíl ghuaiseach a leithdháileadh ar shaoráidí glactha arna bhformheas maidir le neamhdhíobháil don chomhshaol, mar a leagtar amach sa Chead Comhshaoil le haghaidh na saoráide athchúrsála long	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá	0 ([11])	7 Feabhra 2024

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
AN EASTÓIN						
BLRT Refonda Baltic OÜ Kopli 103, 11712 Taillinn, An Eastóin Teil.: +372 610 2933 Facs: +372 610 2444 R-phost: refonda@blrt.ee www.refonda.ee	Ar snámh cois cé agus sa duga snámhach	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 197 méadar Leithead: 32 mhéadar Doimhneacht snámha: 9.6 méadar	Cead dramhaíola Uimh. KL-511809. Ceadúnas bainistithe dramhaíola guaisí Uimh. 0546. Rialacha Chalafort Vene-Balti, Lámhleabhar maidir le hAthchúrsáil Long MSR-Refonda. Córas Bainistithe Comhshaoil, Bainistiú dramhaíola PE 4.4.6-1-13 Ní fhéadfaidh an tsaoráid a athchúrsáil ach na hábhair ghuaiseacha a bhfuil ceadúnas aici ina leith.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 30 lá.	24 364 ([12])	15 Feabhra 2026
AN SPÁINN						
DESGUACE INDUSTRIAL Y NAVAL, S.L.U. (DINA) Vega de Tapia, s/n 48903 Barakaldo-Bizkaia An Spáinn Teil.: +34 944971552 R-phost: dina@dinascrapping.com www.redena.es	Le taobh, rampa díchóimeála	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 120 méadar Leithead: 20 méadar Doimhneacht snámha: 6 mhéadar	Tá na teorainneacha le fáil san údarú comhshaoil comhtháite.	Formheas intuigthe. Is é údarás comhshaoil an Phobail Fhéinrialaithigh ina bhfuil an tsaoráid lonnaithe an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	2 086 ([13])	3 Márta 2026

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
DDR VESSELS XXI, S.L. Calafort 'El Musel' Gijon An Spáinn Teil.: +34 630 14 44 16 R-phost: abarredo@ddr-vessels.com	Le taobh, rampa díchóimeála	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 169.9 méadar (Maidir le longa os cionn na méide sin ar féidir leo iompú nialais nó gluaiseacht rampaí diúltach a oibriú, d'fhéadfadh sé go nglacfaí leo ag brath ar thoradh staidéir féidearthachta mhi-onsonraithe) Leithead: 25 mhéadar	Tá na teorainneacha le fáil san údarú comhshaoil comhtháite.	Formheas intuigthe. Is é údarás comhshaoil an Phobail Fhéinrialaithigh ina bhfuil an tsaoráid lonnaithe an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	3 600 ([14])	28 Iúil 2025
AN FHRAINC						
Démonaval Recycling ZI du Malaquis Rue François Arago 76580 LE TRAIT An Fhrainc Teil.: (+ 33) (0)7 69 79 12 80 R-phost: patrick@demonaval-recycling.fr	Le taobh, duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 140 méadar Leithead: 25 mhéadar Doimhneacht: 5 mhéadar	Sainmhínítear teorainneacha comhshaoil san údarú maorachta.	Formheas sainráite – Is é an t-aire comhshaoil an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa	1 500 ([15])	21 Meán Fómhair 2027

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
GARDET & DE BEZENAC Recycling/Groupe BAUDELET ENVIRONNEMENT – GIE MUG 616, Boulevard Jules Durand 76600 Le Havre An Fhrainc Teil.: +33(0)2 35 95 16 34 R-phost: normandie@baudelet.fr	Duga snámhach agus sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 150 méadar Leithead: 18 méadar Doimhneacht: 7 méadar TCT: 7 000	Sainmhínítear teorainneacha comhshaoil san údarú maorachta.	Formheas sainráite – Is é an t-aire comhshaoil an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	7 730 ([16])	29 Nollaig 2026
Grand Port Maritime de Bordeaux 152, Quai de Bacalan - CS 41320 - 33082 Bordeaux Cedex An Fhrainc Teil.: +33(0)5 56 90 58 00 R-phost: maintenance@bordeaux-port.fr	Le taobh, duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 240 méadar Leithead: 37 méadar Doimhneacht: 17 méadar	Sainmhínítear teorainneacha comhshaoil san údarú maorachta.	Formheas sainráite – Is é an t-aire comhshaoil an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	9 000 ([17])	27 Meán Fómhair 2026

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
Recycleurs Bretons - Navaléo 170 rue Jacqueline Auriol 29470 Guipavas An Fhrainc Teil.: +33(0)2 98 01 11 06 R-phost: navaleo@navaleo.fr	Le taobh, duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 225 mhéadar Leithead: 34 mhéadar Doimhneacht: 27 méadar	Sainmhínítear teorainneacha comhshaoil san údarú maorachta.	Formheas sainráite – Is é an t-aire comhshaoil an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	15 000 ([18])	19 Meitheamh 2025
AN IODÁIL						
San Giorgio del Porto S.p. A. Calata Boccardo 8 16128 – Genova – An Iodáil Teil.: +39 (0)10 251561 R-phost: segreteria@sgdp.it; sangiorgiodelporto@legalmail.it www.sgdp.it	Le taobh, duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 350 méadar Leithead: 75 mhéadar Doimhneacht: 16 mhéadar Olltonnáiste: 130 000	Tá na teorainneacha agus na srianta le fáil san údarú comhshaoil comhtháite.	Formheas sainráite	38 564 ([19])	6 Meitheamh 2028

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
AN LAITVIA						
'Galaksis N', Ltd. Kapsedes street 2D, Liepāja, LV – 3414 An Laitvia Teil.: +371 29410506 R-phost: galaksisn@inbox.lv	Le taobh (beart fliuch), duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 165 mhéadar Leithead: 22 mhéadar Doimhneacht: 7 méadar Olltonnáiste: 12 000	Féach cead náisiúnta Uimh. LI12IB0053	Formheas sainráite - fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	0 ([20])	17 Iúil 2024
AN LIOTUÁIN						
UAB APK Minijos 180 (beart 133A), LT 93269, Klaipėda, An Liotuáin Teil.: +370 (46) 365776 Facs: +370 (46) 365776 R-phost: uab.apk@gmail.com	Le taobh (beart fliuch)	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 130 méadar Leithead: 35 mhéadar Doimhneacht: 10 méadar Olltonnáiste: 3 500	Féach cead náisiúnta Uimh. TL-KL.1-15/2015	Formheas sainráite - fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	1 500 ([21])	12 Márta 2025

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
UAB Armar Minijos 180 (beart 131 A), LT 93269, Klaipėda, An Liotuáin Teil.: +370 685 32607 R-phost: armar.uab@gmail.com	Le taobh (beart fliuch)	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 80 méadar Leithead: 16 mhéadar Doimhneacht: 5 mhéadar Olltonnáiste: 1 500	Féach cead náisiúnta Uimh. TL-KL.1-51/2017	Formheas sainráite - fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	3 910 ([22])	12 Aibreán 2027
UAB Demeksa Nemuno g. 42A (beart 121), LT 93277 Klaipėda An Liotuáin Teil.: +370 630 69903 R-phost: uabdemeksa@gmail.com	Le taobh (beart fliuch)	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 58 méadar Leithead: 16 mhéadar Doimhneacht: 5 mhéadar Olltonnáiste: 3 500	Féach cead náisiúnta Uimh. TL-KL.1-64/2019	Formheas sainráite - fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	0 ([23])	22 Bealtaine 2024

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
UAB Vakarų refonda Minijos 180 (beartanna 129, 130, 131A, 131, 132, 133A), LT 93269, Klaipėda, An Liotuáin Teil.: +370 (46) 483940/483891 Facs: +370 (46) 483891 R-phost: refonda@wsy.lt	Le taobh (beart fliuch)	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 230 méadar Leithead: 55 mhéadar Doimhneacht: 14 mhéadar Olltonnáiste: 70 000	Féach cead náisiúnta Uimh. (11.2)-30-161/2011/ TL-KL.1-18/2015	Formheas sainráite - fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	20 140 ([24])	30 Aibreán 2025
AN ÍSILTÍR						
Damen Verolme Rotterdam B.V. Prof. Gerbrandyweg 25 3197 KK Rotterdam An Ísiltír Teil.: +31 (0)181 23 4353 R-phost: MZoethout@damenverolme.com	Duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 400 méadar Leithead: 90 méadar Doimhneacht: 12 mhéadar Airde: 90 méadar	Tá cead chun oibriú ag an láithreán; tá teorainneacha agus coinníollacha le fáil sa chead sin maidir le hoibriú ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil.	Formheas sainráite	0 ([25])	21 Bealtaine 2026

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
DECOM Amsterdam B.V. Siciliëweg 10 1045 AS Amsterdam An Ísiltír Teil.: +31 23 558 1937 R-phost: info@decomamsterdam.eu	Gníomhaíochtaí ullmhúcháin cois cé, iompraítear ábhar i dtír lena dhiúscairt	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 240 méadar Leithead: 50 méadar Doimhneacht snámha: 9 méadar	Tá cead chun oibriú ag an láithreán; tá teorainneacha agus coinníollacha le fáil sa chead sin maidir le hoibriú ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil.	Formheas sainráite	17 500 ([26])	5 Deireadh Fómhair 2026
Hoondert Services & Decommissioning B.V. Spanjeweg 4 4455 TW Nieuwdorp An Ísiltír Teil.: +31 113352510 R-phost: info@hsd.nl	Gníomhaíochtaí ullmhúcháin cois cé, iompraítear ábhar i dtír lena dhiúscairt	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 175 mhéadar Leithead: 40 méadar Doimhneacht: 10 méadar	Tá cead chun oibriú ag an láithreán; tá teorainneacha agus coinníollacha le fáil sa chead sin maidir le hoibriú ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil.	Formheas sainráite	30 000 ([27])	26 Eanáir 2026

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
Sagro Aannemingsmaatschappij Zeeland B.V. Estlandweg 10 4455 SV Nieuwdorp An Ísiltír Teil.: +31 113351710 R-phost: slf@sagro.nl	Gníomhaíochtaí ullmhúcháin cois cé, iompraítear ábhar i dtír lena dhiúscairt	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 120 méadar Leithead: 20 méadar Doimhneacht: 6 mhéadar	Tá cead chun oibriú ag an láithreán; tá teorainneacha agus coinníollacha le fáil sa chead sin maidir le hoibriú ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil.	Formheas sainráite	15 000 ([28])	28 Márta 2024
Scheepssloperij Nederland B.V. Havenweg 1 3295 XZ s-Gravendeel Postbus 5234 3295 ZJ s-Gravendeel An Ísiltír Teil.: +31 18 046 39 90 R-phost: gsnoek@sloperij-nederland.nl	Múráil fhliuch agus sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 200 méadar Leithead: 33 mhéadar Doimhneacht: 5.5 méadar Airde: 45 mhéadar (Botlek-bridge)	Tá cead chun oibriú ag an láithreán; tá teorainneacha agus coinníollacha le fáil sa chead sin maidir le hoibriú ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil. Déantar gníomhaíochtaí ullmhúcháin cois cé, go dtí gur féidir an chabhail a tharraingt isteach ar an sleamhnán trí úsáid a bhaint as unlas a bhfuil acmhainn tarraingthe 2 000 tona aige.	Formheas sainráite	17 500 ([29])	12 Bealtaine 2026

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
AN IORUA						
ADRS Decom Gulen Seoladh na saoráide: Sløvågen 2, 5960 Dalsøyra, An Iorua Seoladh na hoifige: Statsminister Michelsens vei 38, 5230 Paradis, An Iorua https://adrs.no/	Le taobh, sleamhnán, duga tirim/fliuch	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013. Uastoisí na long: Fad: 360 méadar Leithead: Gan teorainn Doimhneacht: Gan teorainn	Féach cead náisiúnta Uimh. 2019.0501.T	Formheas sainráite	0 ([30])	1 Deireadh Fómhair 2024
AF Offshore Decom Raunesvegen 597, 5578 Nedre Vats An Iorua https://afgruppen.no/selskaper/af-offshore-decom/	Le taobh	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 290 méadar Leithead: Gan teorainn Doimhneacht: Gan teorainn	Féach cead náisiúnta Uimh. 2005.0038.T	Formheas sainráite	31 000 ([31])	28 Eanáir 2024

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
Green Yard AS Angholmen, 4485 Feda, An Iorua www.greenyard.no	Duga tirim (faoi dhíon), sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 230 méadar Leithead: 25 mhéadar Doimhneacht: 20 méadar	Féach cead náisiúnta Uimh. 2018.0833.T Ní mór móroibríochtaí díchóimeála a dhéanamh faoi dhíon. I dtaca le hoibríochtaí díchóimeála agus gearrtha lasmuigh faoin aer, ní cheadaítear ach mionoibríochtaí is gá chun longa a chur in oiriúint don tsaoráid faoi dhíon. Féach an cead chun tuilleadh sonraí a fháil.	Formheas sainráite	0 ([32])	28 Eanáir 2024
Green Yard Kleven AS 6065 Ulsteinvik An Iorua www.kleven.no	Le taobh, sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 170 méadar Leithead: 35 mhéadar Doimhneacht: Gan teorainn	Féach cead náisiúnta Uimh. 2021.0011.T	Formheas sainráite	0 ([33])	9 Aibreán 2026

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Teorainneacha nó coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ([1])	An t-uas-aschur bliantúil athchúrsála long, arna ríomh mar shuim mheáchan na long arna sloinneadh i dtoillíocht de cheal tonnáiste (TCT) a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ([2])	Dáta éaga an áirimh sa Liosta Eorpach in éag ([3])
Fosen Gjenvinning AS Stokksundveien 1432, 7177 Revsnes An Iorua Teil.: +47 400 39 479 R-phost: knut@fosengjenvinning.no	Le taobh	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013, cé is moite do rigí nó soithí a úsáidtear chun hidreacarbóin a eastóscadh Uastoisí na long: Fad: 150 méadar Leithead: 20 méadar Doimhneacht: 7 méadar	Féach cead náisiúnta Uimh. 2006.0250.T	Formheas sainráite	8 000 ([34])	9 Eanáir 2024
